Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2024
(OR. en)

5213/24

LIMITE

AGRI 12
AGRILEG 4
SEMENCES 1
PI 3

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16607/23 ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar an Cathaoirleach ar Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí<br>– *Glacadh* |

1. I gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 [1]ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann Cathaoirleach Bhord Achomhairc na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO) ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis tuairim a fháil ó Chomhairle Riaracháin CPVO.

2. Tháinig deireadh le téarma oifige an Chathaoirligh roimhe sin an 18 Feabhra 2023.

3. An 6 Iúil 2023, chinn an Coimisiún gearrliosta na n-iarrthóirí, chuir sé an Chomhairle ar an eolas faoin gcinneadh sin ina dhiaidh sin agus tharchuir sé an doiciméadacht ábhartha (litreacha spreagtha agus *curricula vitae* na n-iarrthóirí)[2].

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle maidir le cearta Comhphobail i ndáil le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1).
[2] 12311/23

4. An 22 Samhain 2023, d’fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an nós imeachta roghnúcháin don cheapachán reatha[3].

5. Ag an gcruinniú a bhí ag Comhairleoirí/Attachés na Meithle (AGRI — Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht) an 4 Nollaig 2023, vótáil na toscaireachtaí le ballóid rúnda, i gcomhréir leis an nós imeachta roghnúcháin a d’fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe, agus choinnigh siad iarrthóir amháin lena fhormhuiniú ag Coiste na mBuanionadaithe agus lena cheapadh ag an gComhairle ina dhiaidh sin.

6. Iarrtar an méid seo leanas ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) dá bhrí sin:

– Stefan MARTIN a dhearbhú mar an t-iarrthóir a bheidh ina Chathaoirleach nua ar Bhord Achomhairc CPVO;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh lena gceaptar Stefan MARTIN mar Chathaoirleach Bhord Achomhairc CPVO, mar a leagtar amach in 16888/23 é tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 15159/23



PUBLIC